

# Ráiteas Príobháideachais

Leagtar amach sa Ráiteas Príobháideachais seo an bealach ina mbaineann Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teoranta (CCCC Teo.) úsáid as agus a ndéanann siad cosaint ar aon fhaisnéis a thugann tú do CCCC TEO. agus tú ag úsáid an láithreán gréasáin seo.

Tá CCCC TEO. tiomanta do chinntiú go ndéantar do chuid príobháideachais a chosaint. Sa chás go n-iarraimid ort faisnéis áirithe a chur ar fáil dúinn, trínar féidir tú a aithint agus tú ag úsáid an láithreáin gréasáin seo, is féidir leat a bheith cinnte nach mbainfear úsáid as an fhaisnéis sin ach amháin de réir an ráitis príobháideachais seo.

D'fhéadfadh CCCC TEO. athrú a chur ar an ráiteas seo ó am go ham agus an leathanach seo á thabhairt cothrom le dáta againn. Ba chóir duit an leathanach seo a sheiceáil ó am go ham ar mhaithe lena cinntiú go bhfuil tú sásta le haon athruithe atá á ndéanamh. Tá feidhm leis an Ráiteas seo ón 31/03/2015.

## An t-ábhar atá á bhailiú againn

D'fhéadfaimid an fhaisnéis seo a leanas a bhailiú:

- Ainm agus uimhir bhallaíochta
- Faisnéis teagmhála, lena n-áirítear seoladh ríomhphoist
- Faisnéis déimeagrafach ar nós cód poist, roghanna agus ábhar spéise
- Faisnéis eile atá ábhartha do shuirbhéanna custaiméara agus/nó tairiscintí

## Cad atá a dhéanamh againn leis an fhaisnéis a bhailímid

Teastaíonn an fhaisnéis seo uainn le tuiscint a fháil ar do chuid riachtanais agus le seirbhís níos fearr a chur ar fáil duit agus go háirithe mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas:

- Coimeád taifid inmheánacha.
- D'fhéadfaimid úsáid a bhaint as an fhaisnéis lenár dtáirgí agus seirbhísí a fheabhsú.
- D'fhéadfaimid ríomhphost maidir le cur chun cinn táirgí nua, tairiscintí speisialta nó faisnéis eile a mheasaimid a bheadh mar ábhar spéise duit a sheoladh chugat go tréimhsiúil agus úsáid á bhaint againn as an seoladh ríomhphoist a thug tú dúinn.
- D'fhéadfaimid, ó am go ham, úsáid a bhaint as do chuid faisnéise chun teagmháil a dhéanamh leat chun críocha taighde margaidh. D'fhéadfaimid teagmháil a dhéanamh leat ar ríomhphost, fón, facs nó tríd an bpost. D'fhéadfaimid úsáid a bhaint as an fhaisnéis freisin chun an láithreán gréasáin a chur in oiriúint de réir an ábhair spéise atá agat.

## Slándáil

Táimid tiomanta slándáil do chuid faisnéise a chinntiú. Ar mhaithe le rochtain nó nochtadh neamhúdaraithé a sheachaint, tá nósanna imeachta fisiciúla, leictreonacha agus bainistíochta oiriúnacha curtha i bhfeidhm againn leis an fhaisnéis atá á bailiú againn ar líne a chosaint agus a choinneáil slán.

## **An chaoi ina mbainimid úsáid as fianáin**

Bainimid úsáid as fianáin le hábhar agus le fógraí a phearsantú, le gnéithe maidir le meáin shóisialta a chur ar fáil agus le hanailís a dhéanamh ar thrácht láithreáin. Déanaimid faisnéis a chomhroinnt freisin lenár meáin shóisialta, comhpháirtithe fógraíochta agus anailísíochta maidir leis an úsáid a bhaineann tú as ár láithreáin, agus d'fhéadfadh siadsan é a chur le faisnéis eile a chuir tú ar fáil dóibh nó atá bailithe acu ón úsáid a bhaineann tú as a gcuid seirbhísí.

Comhad beag is ea fianán a iarrann cead dul ar thiomántán cruá do ríomhaire. Ar chomhaontú a bheith faighte uait, cuirtear an comhad ar an diosca cruá agus cuidíonn an fianán le hanailís a dhéanamh ar thrácht gréasáin nó insíonn duit nuair a thugann tú cuairt ar láithreán áirithe. Cuireann fianáin ar chumas feidhmchláir gréasáin tú a fhreagairt mar dhuine aonair. Tá ar chumas an fheidhmchláir gréasáin a chuid oibríochta a chur in oiriúint do do chuid riachtanais, na nithe a thaitníonn leat nó nach dtaitníonn leat trí fhaisnéis a bhailiú agus a choimeád i gcumhne ó thaobh na roghanna atá á ndéanamh agat.

Bainimid úsáid as fianáin logála tráchta lena fháil amach cé na leathanaigh atá á n-úsáid. Cuidíonn sé seo linn le hanailís a dhéanamh maidir le trácht ar an leathanach gréasáin agus chun ár láithreán gréasáin a fheabhsú ar mhaithe lena chur in oiriúint do riachtanais an chustaiméara. Ní bhainimid úsáid as an fhaisnéis seo ach amháin chun críocha anailíse staidrimh agus baintear na sonraí den chóras ansin.

Go foriomlán, cuidíonn na fianáin linn chun láithreán gréasáin níos fearr a chur ar fáil duitse, trína chur ar ár gcumas monatóireacht a dhéanamh ar na leathanaigh atá úsáideach duit agus na leathanaigh nach bhfuil. Ní thugann fianán deis dúinn ar bhealach ar bith do ríomhaire a rochtain nó aon eolas fút a rochtain, seachas na sonraí a roghnaíonn tú a chomhroinnt linn.

Is féidir leat rogha a dhéanamh fianáin a ghlacadh nó gan iad a ghlacadh. Glacann formhór brabhsálaithe gréasáin le fianáin sa ghnáthchúrsa, ach de ghnáth is féidir leat do bhrabhsálaí a shocrú le fianáin a dhiúltú más mian leat. D'fhéadfadh sé sin tú a chosc ó bhuntáiste iomlán a bhaint as an láithreán gréasáin.

## **Naisc le láithreán gréasáin eile**

D'fhéadfadh sé go mbeadh naisc le láithreáin gréasáin eile ar díol spéise iad ar ár láithreán gréasáin. Ar an bpointe, áfach, is a bhaineann tú úsáid as na naisc seo lenár láithreán gréasáin a fhágáil, ba chóir duit a thabhairt ar aird nach bhfuil aon smacht againn ar an láithreán gréasáin eile sin. Dá bhrí sin, ní féidir linn a bheith freagrach as cosaint agus as príobháideachas aon fhaisnéis a chuireann tú ar fáil agus tú ar chuairt ar láithreán gréasáin den sórt sin agus níl láithreáin gréasáin den sórt sin faoi rialú an ráitis príobháideachais seo. Ba chóir duit a bheith thar a bheith aireach agus féachaint ar an ráiteas príobháideachais a bhaineann leis an láithreán gréasáin atá i gceist.

## Faisnéis phearsanta a rialú

Is féidir leat rogha a dhéanamh srian a chur ar bhailiú nó ar úsáid do chuid faisnéise phearsanta sna bealaí seo a leanas:

- pé uair a iarrtar ort foirm a líonadh isteach ar an láithreán gréasáin, lorg an bosca inar féidir leat clic a chur lena léiriú nach dteastaíonn uait go mbainfeadh aon duine eile úsáid as an fhaisnéis chun críocha margaíochta dírí
- sa chás gur chomhaontaigh tú roimhe seo cead a thabhairt dúinn úsáid a bhaint as do chuid faisnéise phearsanta chun críocha margaíochta dírí, is féidir leat d'intinn a athrú ag tráth ar bith trí scríobh chugainn nó ríomhphost a sheoladh chugainn ag [oifig@cccholmcille.ie](mailto:oifig@cccholmcille.ie)

Ní dhéanfaimid do chuid faisnéise phearsanta a dhíol, a scaipeadh nó a thabhairt ar léas don tríú páirt mura bhfuil do thoil againn nó mura n-éilítear le dlí orainn é sin a dhéanamh. Féadfaimid do chuid faisnéise phearsanta a úsáid le faisnéis bholscaireachta maidir le tríú páirtithe a sheoladh chugat, a bheadh, dár linne, ina ábhar spéise duit, má chuireann tú in iúl dúinn gur mhian leat go dtarlódh sé sin.

Má tá aon cheisteanna nó údar imní agat maidir lenár Ráiteas Príobháideachais, seol ríomhphost chugainn le do thoil ag: [oifig@cccholmcille.ie](mailto:oifig@cccholmcille.ie)